

Cur chuige ionchuimsitheach i leith Foghlaim, Teagasc agus Measúnú Mhatamaitic na Bunscoile

Cuireann an t-ábhar tacaíochta seo dearcadh ionchuimsitheach ar fáil maidir le curaclam matamaitice na bunscoile agus é i bhfeidhm. Tá sé nasctha le Caibidil 6 na sonraíochta curaclaim, agus déantar iniúchadh ann ar fhoghlaim, teagasc agus measúnú. Cuirtear breithnithe agus moltaí praiticiúla maidir leis an ionchuimsiú a chur chun cinn i ngach réimse ar fáil.

Tá gach páiste matamaiticiúil agus déanann siad dul chun cinn ina gcuid foghlama ar bhealaí éagsúla agus neamhlíneacha. Is éard is ciall leis an éagsúlacht seo, go dtiocfaidh gach páiste isteach san eispéireas foghlama matamaitice ag céimeanna éagsúla, go nglacfaidh siad cuir chuige éagsúla i leith a gcuid idirghníomhaíochtaí agus léirithe matamaiticiúla, go mbeidh bealaí éagsúla acu le ciall a bhaint as an matamaitic, agus go mbainfidh siad a gcuid torthaí foghlama amach ar bhealaí éagsúla. Agus an éagsúlacht seo á cur san áireamh, is gá don fhoghlaim, teagasc agus measúnú eispéireas níos ionchuimsithí a chur chun cinn do gach páiste. Éascaíonn pobal foghlama ionchuimsitheach an éagsúlacht seo trí bhacainní roimh an bhfoghlaim a aithint agus trí thimpeallachtaí foghlama ionchuimsitheacha a fhaigheann réidh leis na bacainní seo a chruthú, agus mar thoradh air seo éascaíonn sé rannpháirtíocht fhiúntach sa mhatamaitic atá ábhartha, freagrúil, tacúil agus dúshlánach do gach páiste. Cruthaítear spás foghlama ionchuimsitheach atá in ann tacú le gach páiste a gcumas matamaitice a bhaint amach.

Foghlaim na Matamaitice

Tá rogha agus solúbthacht d'aon ghnó lárnach agus cothroime rochtana, deiseanna agus rannpháirtíochta i bhfoghlaim mhatamaiticiúil na bpáistí á cur ar fáil. Agus eispéiris foghlama atá spráiuil agus spésiúil go leor á mbreithniú acu, ba cheart do mhúinteoirí smaoineamh ar an gcaoi a bpléifidh páistí lena bhfoghlaim mhatamaiticiúil, a mbeidh rochtain acu ar an eolas agus tascanna a bhaineann leis na heispéiris foghlama, agus a gcuirfidh siad in iúl a dtuiscint agus scileanna matamaiticiúla. Nuair a chuirtear eispéiris sholúbtha foghlama ar fáil do pháistí, eispéiris a dearadh le tacú le riachtanais, buanna agus spéiseanna indibhidiúla gach páiste, déanann sé seo ceiliúradh ar indibhidiúlacht agus uathúlacht gach páiste.

Teagasc na Matamaitice

Tá na cuir chuige oideolaíochta, de réir mar a dhéantar cur síos orthu i gCaibidil 6 an churaclaim nua, solúbtha agus éagsúil, rud a ligeann don mhúinteoir tacú le foghlaim mhatamaiticiúil na bpáistí agus dúshlán a chur roimpi ag an am céanna.

Maidir le rogha a úsáid sa chinnteoireacht oideolaíoch, cuimsítear leis sin gníomhartha foghlama agus teagasc atá ábhartha agus fiúntach a dhearadh atá spreagúil agus mealltach. Má airíonn an páiste go bhfuil úinéireacht aige ar an bpróiseas, beidh tionchar aige sin ar a rannpháirtíocht agus an bealach a dtéann sé i ngleic le heispéiris foghlama matamaiticiúla. Mar sin, sula dtosaíonn muid topaic mhatamaiticiúil, is gá dúinn teacht chomh fada leis an áit a bhfuil ár bpáistí ionas gur féidir rogha a leabú san eispéireas foghlama.

Measúnú a dhéanamh ar mhatamaitic

Trí pháistí a éascú lena gcuid foghlama matamaiticiúla a thaispeáint agus a chur in iúl, is minic go bhfuil níos mó ná bealach amháin ann is fearr a oibríonn do gach páiste i ngach comhthéacs. Nuair a chuireann múinteoirí solúbthacht agus roghanna ar fáil do pháistí, beidh siad in ann an rogha is fearr a roghnú a thacóidh leo chun a gcuid eolais, tuisceana agus scileanna i dtaca le tasc nó sprioc shainiúil foghlama matamaiticiúla a chur in iúl.

Bíonn éagsúlachtaí ann ó pháiste go páiste i dtaca leis na slite inar féidir leo an méid atá ar eolas acu a chur in iúl. Beidh roinnt páistí in ann iad féin a chur in iúl go soiléir cé go bhféadfadh sé nach mbeadh a fhios ag páistí eile an dóigh le pleanáil a dhéanamh lena gcuid foghlama a chur in iúl, nó leis an tasc sin a thosú. Beidh roinnt páistí in ann iad féin a chur in iúl go maith i scríbhinn ach ní ó bhéal, nó a mhalairt, agus d'fhéadfadh sé gur trí mhodhanna amhairc ab fhéarr a bheadh daoine eile in ann iad féin a chur in iúl.

Foghlaim na Matamaitice

Teagasc na Matamaitice

Measúnú a dhéanamh ar Mhatamaitic

Saincheisteanna maidir le tacú le foghlaim, teagasc agus measúnú ionchuimsitheach, agus maidir lena spreagadh

- Céard iad buanna, riachtanais, riachtanais, spéiseanna agus stíleanna foghlama sainiúla na bpáistí?
- Cén chaoi a mothaíonn páistí faoin réimse matamaitice seo?
- Céard iad na bealaí éagsúla ina bhféadfadh páistí dul i ngleic lena bhfoghlaim sa réimse seo? [Féach: Conairí Tacaíochta Breise]
- Céard atá ar eolas agam cheana féin faoi réamheolas na bpáistí agus faoin gcaoí is fearr ina bhfoghlaimíonn siad?
- Cén chaoi ar féidir le foghlaim na bpáistí baint a bheith aici lena n-eispéiris san fhórsaíocht?
- Cad é an réimse freagairtí a d'fhéadfadh páistí a bheith acu ar an gceacht seo?

- Céard iad na príomhchoincheapa, scileanna agus/nó smaointe a thabharfaidh deis do na pháistí tógáil ar a réamhfhoghlaim?
- Cén chaoi ar féidir liom an ceacht a dhíriú ionas gur féidir leis na páistí ar fad rochtain a fháil ar an bhfoghlaim agus ionas go n-éireoidh leo freisin?
- Céard iad na deiseanna atá acu rogha agus solúbthacht a chur ar fáil do pháistí?
- Céard iad na deiseanna atá ann spás d'fhoghlaim rannpháirteach agus spráúil atá fiúntach do gach páiste a chur ar fáil?
- Cén chaoi ar féidir liom an timpeallacht foghlama a eagrú le go ndéanfar agus foghlaim agus teagasc is fearr?
- Céard iad na hacmhainní, tacaíochtaí, tascanna agus teicneolaíochtaí is féidir liom a úsáid le eispéireas sainiúil foghlama na bpáistí a fheabhsú?

- Céard iad na roghanna is féidir liom a chur ar fáil le deis a thabhairt do na páistí a dtuiscint a chur in iúl ar bhealaí atá fiúntach dóibhsean?
- Céard a chuirfidh mé in iúl do na páistí maidir leis an gcaoí a ndéanfar an bhfoghlaim a mheas?
- Céard iad na bealaí éagsúla ina bhféadfadh páistí a bhfoghlaim sa réimse seo a léiriú? [Féach: Conairí Tacaíochta Breise]
- Céard é an modh agus am is fearr le measúnú a dhéanamh ar bhfoghlaim na bpáistí, i bhfianaise cuspóirí agus béim an cheachta?
- Cén cineál aiseolais is éifeachtaí le tacú le foghlaim an pháiste?
- An ann do dheiseanna is féidir liom a chur ar fáil don fhéinmhachnamh agus don phiarmheasúnú?

Moltaí praiticiúla agus samplaí maidir le tacú le foghlaim, teagasc agus measúnú ionchuimsitheach, agus maidir lena spreagadh

- Seiceáil go dtuigeann na bpáistí spriocanna na foghlama
- Spreag spéis agus spreagadh na bpáistí ón tús
- Tóg ar réamheolas agus réamhscileanna na bpáistí
- Cruthaigh naisc idir a bhfoghlaim agus an bhaint atá aici leis an bhfórsaíocht
- Cuir rogha agus solúbthacht ar fáil ó thaobh acmhainní, samplaí, tascanna, srl., ar féidir le páistí rochtain a fháil orthu chun tacú lena gcuid foghlama
- Bain úsáid as ábhair/acmhainní réadacha agus nádúrtha nuair is féidir

- Cuir deiseanna ar fáil do na páistí a gcuid roghanna don bhfoghlaim a chur in iúl, mar shampla, boird roghanna; gníomhaíochtaí aonair, beirte nó grúpa; leideanna agus samhail amhairc a úsáid; áiseanna cumarsáide, teicneolaíocht chúnamh, srl.
- Cuir rochtain ar fáil ar acmhainní a ligeann do roinnt léirithe ar chásanna (m.sh., láimhseoga, líníochtaí, focail, siombailí)
- Cuir deiseanna spráúla foghlama ar fáil chun cumais, roghanna agus spéiseanna na bpáistí a nochtadh
- Cuir gníomhaíochtaí chun cinn a spreagann páistí le samhlacha a chumadh agus a thriail agus ceisteanna oscailte a bhfuil roinnt bealaí ann lena réiteach agus roinnt freagraí orthu
- Cuir deiseanna ar fáil plé a dhéanamh ar agus éisteacht le smaointe agus straitéisí éagsúla matamaiticiúla
- Aithin foghlaim na bpáistí agus freagair le haiseolas, tacaíocht agus moltaí cuí maidir le leibhéal na líofachta agus an dúshláin a mhéadú.

- Tabhair am agus spás do pháistí machnamh a dhéanamh ar a bhfoghlaim agus iad féin mar fhoghlaiméoirí a thuiscint
- Cuir deiseanna ar fáil don phiarchomhoibriú agus don phiarmheasúnú
- Cuir rogha ar fáil maidir leis na bealaí inar féidir le páistí a gcuid tuisceana a léiriú, mar shampla, fadhbanna/tascanna a léiriú trí aisteoireacht, nó úsáid a bhaint as ticéid imeachta
- Cuir uirlisí téacs, fisiciúla agus digiteacha ar fáil le smaointe, straitéisí agus réitigh a chur in iúl
- Cúitigh éagsúlacht ó thaobh na mbealaí a dtéann na páistí i ngleic lena bhfoghlaim féin agus ó thaobh an chaoi a dtaispeánann siad an bhfoghlaim sin
- Déan taifead ar na modhanna measúnaithe éagsúla éifeachtacha a bhfreagraíonn páistí dóibh